



2023/2473

9.11.2023

CINNEADH Uimh. 2/2023 ÓN GCOISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA UM CHOMHAR RIARACHÁIN I DTACA LE CÁNACHA AGUS DLEACHTANNA A AISGHABHÁIL ARNA BHUNÚ LEIS AN GCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE

an 19 Deireadh Fómhair 2023

maidir le méid agus módúlachtaí na ranníocaíochta airgeadais atá le déanamh ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le buiséad ginearálta an Aontais i leith an chostais a ghin sí trína rannpháirtíocht sna Córais Eorpacha Faisnéise [2023/2473]

TÁ AN COISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ⁽¹⁾ ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') agus go háirithe a Phrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil ('an Prótacal'), go háirithe Airteagal PVAT.39(2)(g) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Le Rialachán (AE) Uimh. 2021/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, leagtar síos na rialacha maidir le forbairt, oibriú agus cothabháil na gCórais Eorpacha Faisnéise.
2. Is comhpháirteanna an Aontais de na Córais Eorpacha Faisnéise iad an Líonra Cumarsáide Coiteann ('CCN') agus na foirmeacha leictreonacha atá le glacadh de bhun phointe (d) d'Airteagal PVAT.39(2) den Phrótacal.
3. De bhun Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/847, tá an úsáid a bhaineann tíortha neamh-rannpháirteacha as comhpháirteanna an Aontais de na Córais Eorpacha Faisnéise faoi réir comhaontuithe leis na tíortha sin atá le tabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
4. Is gá méid agus módúlachtaí na ranníocaíochta airgeadais atá le déanamh ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le buiséad ginearálta an Aontais a chinneadh i leith an chostais a ghin sí trína rannpháirtíocht sna Córais Eorpacha Faisnéise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Costais oiriúnaithe

1. Is é an méid atá le híoc ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as na leasuithe ar na foirmeacha leictreonacha le haghaidh CBL agus Aisghabhála atá le glacadh de bhun phointe (d) d'Airteagal PVAT. 39(2) den Phrótacal EUR 36 250.
2. Íocfar an méid laistigh de 60 lá tar éis ghlacadh an Chinnidh seo.

⁽¹⁾ IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an clár 'Fiscalis' chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 (IO L 188, 28.5.2021, lch. 1).

*Airteagal 2***Ranníocaíocht airgeadais bhliantúil**

1. Go dtí an 31 Nollaig 2025, is é EUR 12 600 an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil a íocfaidh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le buiséad ginearálta an Aontais.
2. Go dtí an 1 Eanáir 2026, is é EUR 42 000 an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil a íocfaidh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le buiséad ginearálta an Aontais.
3. Cumhdófar leis an ranníocaíocht bhliantúil caiteachais a bhaineann le forbairt, cothabháil agus uasghrádú réiteach TF (CCN, ríomhfhoirmeacha, etc.).
4. Déantar athmheastóireacht gach bliain ar an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil.
5. Faoin 15 Bealtaine gach bliain, iarrfaidh an Coimisiún ar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a ranníocaíocht le haghaidh na bliana roimhe sin a íoc.

*Airteagal 3***Modh íocaíochta**

Ní mór gach íocaíocht dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 a dhéanamh in euro le cuntas bainc an Choimisiúin a luaitear ar an nóta dochair, laistigh de 60 lá. Má íocann Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a ranníocaíocht i dtréimhse ama is déanaí ná 60 lá, féadfaidh an Coimisiún ús a ghearradh ar an riaráiste (ag an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm i leith a chuid oibríochtaí in euro, a fhoilsítear i sraith 'C' d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, ar an lá a théann an sprioc-am le haghaidh aisíocaíochta in éag, móide pointe amháin go leith).

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Londain, an 19 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choiste Speisialaithe Trádála
Na Comhchathaoirligh
Mariana HRISTCHEVA
Rachel NIXON